Ardleibhéal

Léirsithe in aghaidh an Bhuiséid

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír nuachta a léiríonn míshocracht an phobail maidir leis an mbuiséad a bheidh á fhógairt amárach.

Bí ag obair leis an duine in aice leat.

a) An gcuireann an buiséad seo as duit féin?
b) An ndeachaigh tú ag léirsiú nó ar stailc riamh? Cén fáth?
c) Agus torthaí an bhuiséid agat, cad é do bharúil faoi?

Ceist 2 Gan féachaint ar an tuairisc go fóill, déanaigí iarracht na téarmaí Gaeilge a aimsiú do na téarmaí seo a leanas:

1. Trade Union_____
2. Cuts_____
3. Organisation_____
4. Representation_____
5. Nurses_____
6. Demonstration_____
7. Future_____
8. Alliance_____
9. Sector_____
10. Movement_____

Ceist 3 Féach ar an tuairisc anois agus scríobh i gcúpla abairt cad é ábhar na míre. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad a scríobh sé/sí.

Bain úsáid as na focail thuas le cuidiú libh.

Ceist 4 An féidir leat dhá shampla de na téarmaí gramadaí seo ón sliocht a líonadh sa bhosca thíos ?

Réamhfhocail chomshuite	Réamfhocail shimplí	Briathra	Tuiseal Ginideach	Ainmfhocail fhirinscneacha	Ainmfhocail bhaininscneacha

Ceist 5 **a. "***don tír agus is cuid den phlean*" a chloistear sa mhír.

Is minic áfach gur 'gon' a chloistear sa chaint . Bain triail astu seo a leanas
Cuir den/don roimh na hainmfhocail seo.

1. Thit an buachaill_____ gheata.
2. Thug mé feoil _____mhadra
3. Fuair an bonnán buí bás_____ tart.
4. _____chéad uair le fada, tá mé aclaí.
5. Tabhair dom píosa _____cháca sin.
6. Inniu an chead lá_____ mhí
7. Thit se _____chapall
8. Thug mé airgead _____chailín
9. Tá véarsa_____ amhrán sin ar eolas agam.
10. Thug mé an litir _____rúnaí.

b. Cloistear botúin choitianta le roinnt de na laethanta sa chaint.

Cuir 'An' agus 'Dé' roimh laethanta na seachtaine agus dean cibé athrú gur gá.

An_____ Dé_____
An_____ Dé_____
An_____ Dé_____
An _____ Dé_____
An _____ Dé_____
An_____ Dé_____
An_____ Dé_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil todhchaí na tíre seo i mbaol dar leat?
An bhfuil réiteach na faidhbe ann, dar leat?
An bhfuil muinín agat as an rialtas atá ann faoi láthair?
Dá mbeifeá i gceannas sa Dáil, cén cineál buiséid a bheadh agat?
An mbeidh tuilleadh léirsithe ag tarlú sa tír?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

Ceist 2

1. Trade Union: **Ceardchumann**
2. Cuts: **Ciorruithe**
3. Organisation: **Eagraíocht**
4. Representation: **Ionadaíocht**
5. Nurses: **Altraí**
6. Demonstration: **Léirsiú**
7. Future: **Todhchaí**
8. Alliance: **Comhghuaillíocht**
9. Sector: **Earnáil**
10. Movement: **Gluaiseacht**

Ceist 3 Caithfidh na foghlaimeoirí achoimre ghairid a scríobh ar ábhar na míre tar éis dóibh éisteacht leis an tuairisc uair amháin. Tabhair seans dóibh an méid a scríobh siad a chur i gcomparáid lena chéile.

Ceist 4 An féidir leat dhá shampla de na téarmaí gramadaí a líonadh sa bhosca thíos

Réamhfhocail chomshuite	Réamfhocail shimplí	Briathra	Tuiseal Ginideach	Ainmfhocail fhirinscneacha	Ainmfhocail bhaininscneacha
In aghaidh	ar	Tá	Ar fud na **tíre**	Ceardchumann	Stailc
Ar fud	faoi	Beidh	Ceardchumann na **nAltraí**	Cruinniú	Fostaíocht

Glac le freagra ar bith ceart ón sliocht.

Ceist 5

1. Thit an buachaill **den** gheata.
2. Thug mé feoil **don** mhadra
3. Fuair an bonnán buí bás **den** tart.
4. **Den** chéad uair le fada, tá mé aclaí.
5. Tabhair dom píosa **den** cháca sin.
6. Inniu an chead lá **den** mhí
7. Thit sé **den** chapall
8. Thug mé airgead **don** chailín
9. Tá véarsa **den** amhrán sin ar eolas agam.
10. Thug mé an litir **don** rúnaí.

An Luan	Dé Luain
An Mháirt	Dé Máirt
An Chéadaoin	Dé Céadaoin
An Déardaoin	Déardaoin
An Aoine	Dé hAoine
An Satharn	Dé Sathairn
An Domhnach	Dé Domhnaigh

Ceist 6 Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Éimear Ní Chonaola

Tá an Ceardchumann[1] *Unite* ag iarraidh ar oibrithe dul[2] ar stailc ceithre huaire fichid lena míshástacht faoi chiorruithe a léiriú. Tá Unite i measc eagraíochtaí eile atá ag eagrú léirsithe in aghaidh bhuiséad an lae amárach[3].

Sorcha Ní Riada
Beidh míle dhá chéad duine sa cheardchumann nua seo faoi cheann coicíse[4], de réir lucht a n-eagraithe, sin níos mó na 75% de lucht múchta dóiteán agus oibrithe otharchairr ar fud na tíre. Creideann said go bhfuil easpa acmhainní san earnáil cheana féin agus go bhfuil gá le ceardchumann a dhéanfaidh ionadaíocht cheart ar a gcuid ball.[5] Beidh an ceardchumann nua bainteach le Ceardchumann na nAltraí. Dream eile a bhí ag caint ar ionadaíocht cheart do phobal na tíre ab ea an Chomhghuaillíocht Aontaithe Clé a deir go bhfuil gá cáin a ghearradh ar shaibhreas, agus fostaíocht a spreagadh. Tá siad ag tacú leis an stailc aon lae atá á lorg ag an gCeardchumann[6] *Unite* mar aon le dreamanna eile

Paddy Healy-Comhghuaillíocht na Seirbhísí Poiblí
Agus beidh cruinniú mór againn i gClub na Múinteoirí oíche Déardaoin[7], chun córas a eagrú, chun daoine a eagrú, chun cur i gcoinne na gciorruithe[8] sna pinsin phoiblí,[9] agus tá sé beartaithe againn córas a chur ar bun nach stopfaidh.
Ach tá an rialtas muiníneach go n-éireoidh leis an mbuiséad.

Micheál Ó Máirtín
Is clár atá leagtha amach againn don tír agus is cuid den phlean atá againn maidir le cúrsaí eacnamaíochta na tíre agus go háirithe todhchaí na tíre agus caithfimid an buiséad a chur tríd an Dáil ar maidin.

Sorcha Ní Riada
Bhí Gluaiseacht an Phobail mar a thugann said orthu féin ag léirsiú inniu leis, blaiseadh b'fhéidir den mhéid[10] atá le teacht amach anseo.
Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4, Baile Átha Cliath.

---

[1] An cheardchumann a deirtear
[2] a dhul a deirtear sa chaint
[3] Is minic a infhilltear *amárach* mar a bheadh gnáthaidiacht ann *i gcomhair an lae* amáraigh, ach ní dhéantar sa chás seo é, is dobhriathar é amárach ní aidiacht
[4] coicís a deirtear
[5] Tuiseal Ginideach iolra a bheadh i gceist, dá bhrí sin ball, ní baill.
[6] Fágtar an t-urú ar lár sa Tuiseal Tabharthach
[7] Dé Déardaoin a dúirt an fear seo, níl gá leis an Dé le Déardaoin.
[8] Ní bhaintear úsáid as an nginideach iolra
[9] Pinsean poiblí a deirtear
[10] fágtar an séimhiú ar lár sa chaint.